Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Matamaitic

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Leathanach Bán

*Clár Ábhar* *Leathanach*


Páipéar 1

Réitigh agus scéim mharcála .......................................................................................... 2

Struchtúr na scéime marcála .......................................................................... 3
Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm .................. 4
Réitigh samplacha agus nótaí mionsonraithe marcála ................................................... 5

Páipéar 2

Réitigh agus scéim mharcála .......................................................................................... 18

Struchtúr na scéime marcála .......................................................................... 19
Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm .................. 20
Réitigh samplacha agus nótaí mionsonraithe marcála ................................................... 21

Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge ……………………………………………………………… 37

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018

# Matamaitic

## Gnáthleibhéal

## Páipéar 1

## Réitigh agus Scéim mharcála

300 marc

## Scéim Mharcála – Páipéar 1, Roinn A agus Roinn B

**Struchtúr na scéime marcála**

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagraí a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí in dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí i dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

| Lipéad an scála | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| Scála 5 mharc | 0, 5 | 0, 3, 5 | 0, 3, 4, 5 | 0,2,3,4,5 | |
| Scála 10 marc | 0, 10 | 0, 5, 10 | 0, 3, 8, 10 | 0, 2, 6, 8, 10 | |
| Scála 15 mharc | 0, 15 | 0, 7, 15 | 0, 4, 12, 15 | 0, 3, 7, 13, 15 | |
| Scála 20 marc | 0, 20 | 0, 10, 20 | 0, 7, 13, 20 | 0, 5, 10, 15, 20 | |
| Scála 25 marc | 0, 25 | 0, 12, 25 | 0, 8, 17, 25 | 0, 6, 12, 19, 25 | 0, 5, 10, 15, 20, 25 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos mionsonraithe le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léirthuiscint i gcomhthéacs gach ceiste.

Scálaí marcála – tuairiscíní leibhéil

A-scálaí (dhá chatagóir)
- freagra mícheart
- freagra ceart

B-scálaí (trí chatagóir)
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra ceart i bpáirt
- freagra ceart

C-scálaí (ceithre chatagóir)
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

D-scálaí (cúig chatagóir)
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

E-scálaí (sé chatagóir)
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- beagnach an leathchuid den fhreagra ceart
- níos mó ná an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

## Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

***Roinn A***

Ceist 1

| | |
|---|---|
| (a) | 10D |
| (b) | 5C |
| (c) | 10C |

Ceist 2

| | |
|---|---|
| (a) | 15D |
| (b) | 5D |
| (c) | 5C |

Ceist 3

| | |
|---|---|
| (a) | 10D |
| (b) | 15D |

Ceist 4

| | |
|---|---|
| (a) | 5B |
| (b) | 5C |
| (c) | 5C |
| (d) | 10C |

Ceist 5

| | |
|---|---|
| (a) | 5C |
| (b) | 10C |
| (c) | 10C |

Ceist 6

| | |
|---|---|
| (a) | 10C |
| (b) | 15D |

***Roinn B***

Ceist 7

| | |
|---|---|
| (a) | 5B |
| (b) | 10C |
| (c) | 10C |
| (d) | 10C |
| (e) | 5C |
| (f)(i) | 5C |
| (f)(ii) | 10C |

Ceist 8

| | |
|---|---|
| (a) | 10C |
| (b) | 10C |
| (c) | 5C |
| (d)(i) | 5C |
| (d)(ii) | 10C |
| (e)(i) | 10C |
| (e)(ii) | 5C |
| (e)(iii) | 5C |
| (e)(iv) | 5D |

Ceist 9

| | |
|---|---|
| (a)(i) | 5B |
| (a)(ii) | 5C |
| (b)(i) | 5B |
| (b)(ii) | 15C |

**Tabhair faoi deara**: I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar cothromú mícheart, ina bhfágtar aonaid ar lár, ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt chomh maith atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine.

Mar shampla: i scála 10C, féadfar 9 marc a thabhairt.


Ná déantar pionós slánaithe agus aonad ach uair amháin i ngach cuid (a), (b), (c) srl.

Ar fud na scéime, léirigh earráidí uimhríochta le *.


## Réitigh Shamplacha agus Nótaí Mionsonraithe Marcála

**Tabhair faoi deara:** Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

| C1 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | Conradh A<br>$35000 + 400000 \times 0{\cdot}02$<br>$= €43\,000$<br><br>Conradh B<br>$30000 + 400000 \times 0{\cdot}03$<br>$= €42\,000$ | **Scála 10D (0, 2, 6, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon úsáid a bhaintear as 2% nó 3%<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach*<br>• 8000 nó 12000 nó an dá cheann acu<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Conradh amháin atá ceart<br><br>**Tabhair faoi deara:** Glac le freagra ceart gan obair |
| (b) | $50000 - 35000 = 15000$<br><br>$(15000 \div 0{\cdot}02) = €750\,000$ | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $50000 - 35000$ foirmlithe nó 15000<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $15000 \times 0{\cdot}02$ nó a chomhionann $= 300$<br><br>**Tabhair faoi deara:** Glac le freagra ceart gan obair |
| (c) | $35000 + 0{\cdot}02x = 30000 + 0{\cdot}03x$<br>$x = €500\,000$<br><br>**Nó**<br><br>1% = €5000<br>Freagra = €500 000 | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $35000 - 30000$ nó 5000 scríofa<br>• freagra ceart gan aon obair<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $35000 + 0{\cdot}02x = 30000 + 0{\cdot}03x$<br>• $\frac{x}{100} = 5000$ |

| C2 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | <br>$z_3 = -2 + 3i + 3 + 2i = 1 + 5i$ | **Scála 15D (0, 3, 7, 13, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $z_3 = z_1 - z_2$ le hionadú éigin<br>• 1 nó 2 bhreacadh chearta ($z_1$ agus/nó $z_2$) gan lipéid<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach*<br>• $z_3$ ceart, le nó gan bhreacadh<br>• 2 bhreacadh chearta ($z_1$ agus $z_2$) le lipéid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Breacadh mícheart $z_3$ agus 2 bhreacadh chearta le lipéid<br>• Measctar aiseanna fíora agus samhlaíocha ach déantar 3 phointe a bhreacadh agus a lipéadú 'i gceart' |
| (b) | $\sqrt{13} + \sqrt{13} \neq \sqrt{26}$ | **Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $\lvert z_1\rvert$ nó $\lvert z_2\rvert$ nó $\lvert z_3\rvert$ foirmlithe le hionadú éigin<br>• Foirmle cheart<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• $\lvert z_1\rvert$ nó $\lvert z_2\rvert$nó $\lvert z_3\rvert$ ceart<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $\lvert z_1\rvert$ agus $\lvert z_2\rvert$ agus $\lvert z_3\rvert$ atá ceart ach gan chonclúid nó conclúid mhícheart |
| (c) | $\dfrac{(-2+3i)(-3+2i)}{(-3-2i)(-3+2i)}$<br><br>$= 0 - 1i$ | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Roinnt ionadú ceart<br>• Comhchuingeach sainaitheanta<br>• Roinnt iolrú os cionn agus faoi leis an uimhir chéanna, fiú más tá an comhchuingeach mícheart<br>• freagra ceart gan aon obair<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $\frac{(-2+3i)(-3+2i)}{(-3-2i)(-3+2i)}$ |

| C3 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $\dfrac{7 \pm \sqrt{(-7)^2 - 4(2)(-3)}}{4}$<br><br>$= 3{\cdot}89 \quad \text{nó} \quad -0{\cdot}39$ | **Scála 10D (0, 2, 6, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• foirmle cheart na bhfréamhacha<br>• a nó b nó c aitheanta<br>• iarracht ar fhachtóiriú<br>• freagra ceart gan aon obair<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• foirmle ionadaithe go hiomlán<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• ríomhtar fréamh amháin<br>• $x = \frac{7 \pm \sqrt{73}}{4}$ agus stoptar |
| (b) | $-2a - 3b = -15$<br>$\underline{15a + 3b = -24}$<br>13a = −39<br><br>$a = -3$ agus $b = 7$ | **Scála 15D (0, 3, 7, 13, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• iarracht ar réiteach $a$ nó $b$ comhéifeacht sa dá chothromóid<br>• freagra ceart gan aon obair<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• cuirtear anaithnid amháin as an áireamh<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Aimsítear anaithnid amháin |

<table>
<tr><th>C4</th><th>Réiteach Samplach – 25 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td></td><td>Scála 5B (0, 3 ,5)<br>Páirtchreidiúint:<ul><li>tarraingítear an léaráid cheart, gan scáthú</li><li>$5^2$ scríofa</li></ul></td></tr>
<tr><td>(b)</td><td colspan="2"><table>
<tr><th>Uimhir an Phatrúin ($n$)</th><th>Líon na dTíleanna Liatha</th><th>Líon na dTíleanna Bána</th><th>Líon iomlán na dTíleanna</th></tr>
<tr><td>1</td><td>4</td><td>2</td><td>6</td></tr>
<tr><td>2</td><td>9</td><td>2</td><td>11</td></tr>
<tr><td>3</td><td>16</td><td>2</td><td>18</td></tr>
<tr><td>4</td><td>25</td><td>2</td><td>27</td></tr>
<tr><td>5</td><td>36</td><td>2</td><td>38</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>Scála 5C (0, 3, 4, 5)<br>Páirtchreidiúint íseal:<ul><li>1 iontráil nua cheart ar a laghad</li></ul>Páirtchreidiúint ard:<ul><li>6 iontráil nua chearta nó chomhsheasmhacha ar a laghad</li></ul></td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(c)** | $(n+1)^2 + 2$<br>$n^2 + 2n + 3$<br>**Nó**<br>$n = 1 \quad \Rightarrow \quad b + c = 5$<br>$n = 2 \quad \Rightarrow 2b + c = 7$<br><br>$b = 2$<br>$c = 3$ | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $(n)^2 + 2$ scríofa agus stopann nó leanann ar aghaidh<br>• Iarracht ar ionadú chun cothromóid amháin a dhíorthú i $a$ agus $b$<br>• freagra ceart gan aon obair<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• $(n+1)^2 + 2$<br>• 2 chothromóid ábhartha díortha |
| **(d)** | $n^2 + 2n + 3 = 443$<br>$n^2 + 2n - 440 = 0$<br>$n = 20$<br>**Nó**<br>$6, 11, 18, \ ., \ ., \ ., \quad 443$<br>$n = 20$ | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $n^2 + 2n + 3 = 443$<br>• iarracht ar thriail is earráid le haon téarma níos faide ná $T_5$<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $n^2 + 2n - 440 = 0$<br>• $(21)^2 + 2 = 443$<br><br>**Tabhair faoi deara:** Glac le $n = 20$ gan obair le haghaidh marcanna iomlána |

| C5 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $A = (\ 0,\ 6\ )$<br>$B = (-2,\ 0\ )$<br>$C = (\ 3,\ 0\ )$ | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 1 pointe amháin aitheanta i gceart<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• 2 phointe aitheanta i gceart<br>• aiseanna measctha le chéile i rith an ama maidir leis na 3 phointe |
| (b) | $f(x) = ax^2 + bx + c$<br>$c = 6$<br>$0 = (-2)^2a + b(-2) + 6$<br>$-6 = 4a - 2b$<br>$0 = (3)^2a + b(3) + 6$<br>$-6 = 9a + 3b$<br>———<br>$-6 = 9a + 3b$<br>$-6 = 4a - 2b$<br>$a = -1,\ \ b = 1$<br><br>**Nó**<br>$-(x+2)(x-3)$<br>$= -x^2 + x + 6$ | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $c = 6$<br>• *A* nó *B* nó *C* ionadaithe isteach sa chothromóid tugtha nó $ax^2 + bx + c$<br>• 1 fhachtóir scríofa<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• aon dá cheann de *A*, *B*, nó *C* ionadaithe isteach sa chothromóid tugtha oibrithe amach<br>• *A*, *B*, agus *C* ionadaithe i $ax^2 + bx + c$<br>• $\pm(x+2)(x-3)$<br><br>**Tabhair faoi deara:** *A*, *B* agus *C* ionadaithe i $-x^2 + x + 6$ agus fíoraithe go hiomlán, marcanna iomlána tuillte |
| (c) | $f(x) = -x^2 + x + 6$<br>$f'(x) = -2x + 1 = 0$<br>$x = \frac{1}{2}$<br>$-\left(\frac{1}{2}\right)^2 + \frac{1}{2} + 6 = 6{\cdot}25$ | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• aon iarracht ar dhifreáil<br>• luaitear $f'(x) = 0$<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• $x = \frac{1}{2}$ |

| C6 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $(x+5)(3x-4)-3(x^2+\ 2)+4=0$<br><br>$3x^2-4x+15x-20-3x^2-6+4=0$<br><br>$11x=22$<br><br>$x=2$ | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• aon iolrú ceart<br>• freagra ceart gan aon obair<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• iolrú iomlán ceart<br>• earráid i lúibíní a fhorbairt ach críochnaítear i gceart |
| (b) | $(2x)(x+3)\left(\frac{5}{x+3}-\frac{1}{x}\right)=\frac{1}{2}(2x)(x+3)$<br><br>$10x-2(x+3)=x(x+3)$<br><br>$x^2-5x+6=0$<br><br>$x=2\quad \text{agus}\quad x\ =\ 3$ | **Scála 15D (0, 3, 7, 13, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• comhainmneoir aitheanta<br>• $5x-(x+3)$ nó a leithéid<br>• freagra ceart gan obair, 2 agus/nó 3<br>• scríobhtar $\frac{-\mathrm{b}\pm\sqrt{(\mathrm{b})^2-4\mathrm{ac}}}{2\mathrm{a}}$<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach*:<br>• $10x-2(x+3)=x(x+3)$ nó a leithéid<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• $x^2-5x+6=0$ nó a chomhionann |


| Roinn B | | |
|---|---|---|
| **C7** | **Réiteach Samplach – 55 Mharc** | **Nótaí Marcála** |
| **(a)** | 37 | **Scála 5B (0, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• líon ceart suíochán le haghaidh aon sraithe idir sraith 4 agus sraith 9 (an dá shraith sin san áireamh)<br><br>**Tabhair faoi deara:** Glac le 37 gan obair |
| **(b)** | $28 + (n-1)1 = 50$<br>$27 + n = 50$<br>$n = 23$<br><br>**Nó**<br><br>50 – 37 = 13<br>13 + 10 = 23 | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• fianaise ar bith ar chomhaireamh (e.g. liostaítear 28, 29,…)<br>• 13 nó 22 gan obair<br>• scríobhtar $T_n$ = a + (n-1)d<br>• a nó d sainaitheanta<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• 50 – 28 nó 50 – 37<br>• $28 + (n-1)1 = 50$<br><br>**Tabhair faoi deara:** Glac le 23 gan obair |
| **(c)** | $S_{23} = \frac{23}{2}[2(28) + (22)(1)]$<br>$S_{23} = 897 \text{ (suíochán)}$<br><br>**Nó**<br><br>28 + 29 + . . . + 50 = 897 | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $S_{\text{n}}$ scríobhtar foirmle<br>• fianaise ar bith ar chomhaireamh (e.g. liostaítear 28 + 29 + 30 +...)<br>• a nó d sainaitheanta<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• liostú iomlán le suimiú léirithe ach réiteach mícheart<br>• $S_{\text{n}}$ foirmle ionadaithe go hiomlán<br><br>**Tabhair faoi deara:** Glac le 897 gan obair |

| | | |
|---|---|---|
| **(d)** | $\frac{n}{2}(56 + n - 1) = 600$<br>$n^2 + 55n - 1200 = 0$<br>$n = 16{\cdot}7$<br>$S_{16} = 568$<br>$600 - 568$<br>$=$ 32 lí�n na nda�ine sa chéad sraith eile<br>**Nó**<br>[28 + 29 + . . .+ 43] = 568<br>600 – 568 = 32<br>16 sraith agus 32 sa chéad sraith eile<br>**Nó**<br>([28 + 29 + . . .+ 44] = 612<br>612 – 44 = 568<br>600 – 568 = 32<br>(17 – 1 = 16) sraith agus 32 sa chéad sraith eile | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $S_n$ scríobhtar foirmle<br>• a nó d sainaitheanta<br>• fianaise ar bith ar chomhaireamh (e.g. liostaítear 28 + 29 + 30 +...)<br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• $n^2 + 55n - 1200 = 0$<br>• $\frac{n}{2}(56 + n - 1) = 600$<br>• liostú iomlán chomh fada le 16 nó 17 dtéarma le suimiú léirithe ach le réiteach mícheart<br>**Tabhair faoi deara:** Glac le (16, 32) gan obair |
| **(e)** | $276(25) + 212(12)$<br>6900 + 2544 = €9 444 | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $276(25)$<br>• $212(12)$<br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• $276(25) + 212(12)$ foirmlithe<br>**Tabhair faoi deara:** Glac le freagra ceart gan obair |
| **(f)**<br>**(i)** | $\frac{752}{4}$ **=** 188 ticéad do leanaí<br>$188 \times 3 = 564$ Ticéad do dhaoine fásta | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 4<br>• $\frac{752}{x}$, $x \neq 4, 1$<br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• 188 faighte nó 564<br>**Tabhair faoi deara:** Glac le freagra ceart gan obair |
| **(f)**<br>**(ii)** | $188x + 564(2{\cdot}5x) = 17\,578$<br>$1598x = 17\,578$<br>$x = €11$ | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $x$, $2{\cdot}5x$<br>• freagra ceart gan aon obair<br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• $188x + 564(2{\cdot}5x) = 17\,578$, nó i gcomhréir le f(i) |

| C8 | Réiteach Samplach – 65 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $C(4) = -(4^3) + 4{\cdot}5(4)^2 + 54(4)$<br><br>$= 224$ | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Feidhm le hionadú éigin de 4<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• Feidhm ionadaithe go hiomlán |

(b)

| $\boldsymbol{t}$ (Uaireanta) | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $\boldsymbol{C(t)}$ (Aonaid) | 0 | 57·5 | 118 | 175·5 | 224 | 257·5 | 270 | 255·5 | 208 | 121·5 |

| | | |
|---|---|---|
| | | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 1, 2 nó 3 iontráil chearta nua<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• 4, 5 nó 6 iontráil chearta nua |
| (c) |  | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 1 go 4 bhreacadh chearta<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• 5 go 9 mbreacadh chearta<br>• gach pointe breactha i gceart ach nasc mícheart nó gan nasc eatarthu |

| | | |
|---|---|---|
| **(d)** **(i)** | 200 aonad | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 3·5 léirithe ar an ais chothrománach<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• tógáil cheart léirithe ach gan tásc ar 200 |
| **(d)** **(ii)** | 1 uair 45 nóiméad | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 100 léirithe go soiléir ar an ais cheartingearach<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• tógáil cheart léirithe ach gan tásc ar 1 uair 45 nóiméad |
| **(e)** **(i)** | $C'(t) = -3t^2 + 9t + 54$ | **Scála 10C (0, 3, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• difreáil cheart ar bith nó tásc ar dhifreáil<br><br>*Páirtchreidiúint ard*:<br>• 2 théarma atá difreáilte i gceart |
| **(e)** **(ii)** | $C'(4) = -3(4)^2 + 9(4) + 54$<br>= 42 aonad / uair | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• ionadú éigin de 4 isteach i $C'$ nó scríobhtar $C'(4)$<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $C'(4) = -3(4)^2 + 9(4) + 54$<br><br>**Tabhair faoi deara:** Glac le freagra ceart nó freagra comhsheasmhach gan obair |

| | | |
|---|---|---|
| **(e) (iii)** | $-3t^2 + 9t + 54 = 0$<br><br>$t^2 - 3t - 18 = 0$<br><br>$(t-6)(t+3) = 0$<br><br>$t = 6, \quad t = -3$<br><br>$t = 6$<br>Méid druga = 270 aonad | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $C'(t) = 0$<br>• freagra ceart gan aon obair<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $t = 6$ ó chalcalas |
| **(e) (iv)** | $C'(7) = -3(7)^2 + 9(7) + 54$<br>$= -30$ aonad / uair<br><br>Ráta diúltach atá ann mar sin tá méid an druga ag dul i laghad | Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• ionadú éigin de 7 isteach i $C'$ nó scríobhtar $C'(7)$<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• $C'(7) = -3(7)^2 + 9(7) + 54$<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $-30$ aonad / uair |

| C9 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)** | $s = \sqrt{9{\cdot}8(2000)} = 140$ | **Scála 5B (0, 3 ,5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Aon ionadú ábhartha<br><br>**Tabhair faoi deara:** Glac le freagra ceart gan obair |
| **(a)**<br>**(ii)** | $\frac{400000}{140} = 2857{\cdot}14$ soicind<br>$= 47{\cdot}62$ nóim<br>$= 48$ nóim | **Scála 5C (0, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• úsáidtear an freagra ar Chuid (a)(i)<br>• freagra ceart gan aon obair<br>• 400000 scríofa<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $\frac{400000}{140}$ |
| **(b)**<br>**(i)** | $s^2 = g \times d$<br><br>$d = \frac{s^2}{g}$ | **Scála 5B (0, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• déantar iarracht an dá thaobh a chearnú |
| **(b)**<br>**(ii)** | $d = \frac{55^2}{9{\cdot}8}$<br>$d = 308{\cdot}67$<br>$d = 309$<br>**Nó**<br><br>$55 = \sqrt{9{\cdot}8 \times d}$<br>$d = \frac{55^2}{9{\cdot}8}$<br>$d = 308{\cdot}67$<br>$d = 309$ | **Scála 15C (0, 4, 12, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• ionadú éigin i gceachtar foirmle<br>• freagra ceart gan aon obair<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br><br>• $d = \frac{55^2}{9{\cdot}8}$ |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

An Ardteistiméireacht, 2018

Scéim Mharcála

# Matamaitic

Gnáthleibhéal

Páipéar 2

## Scéim Mharcála – Páipéar 1, Roinn A agus Roinn B

## Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí in dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí i dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

| Lipéad an scála | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| Scála 5 mharc | 0, 5 | 0, 2, 5 | 0, 2, 3, 5 | 0, 2, 3, 4, 5 | |
| Scála 10 marc | 0, 10 | 0, 5, 10 | 0, 3, 7, 10 | 0, 2, 5, 8, 10 | |
| Scála 15 mharc | 0, 15 | 0, 7, 15 | 0, 5, 10, 15 | 0, 4, 7, 11, 15 | |
| Scála 20 marc | 0, 20 | 0, 10, 20 | 0, 7, 13, 20 | 0, 5, 10, 15, 20 | |
| Scála 25 marc | 0, 25 | 0, 12, 25 | 0, 8, 17, 25 | 0, 6, 12, 19, 25 | 0, 5, 10, 15, 20, 25 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos mionsonraithe le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léirthuiscint i gcomhthéacs gach ceiste.

Scálaí marcála – tuairiscíní leibhéil

A-scálaí (dhá chatagóir)
- freagra mícheart
- freagra ceart

B-scálaí (trí chatagóir)
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra ceart i bpáirt
- freagra ceart

C-scálaí (ceithre chatagóir)
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

D-scálaí (cúig chatagóir)
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

E-scálaí (sé chatagóir)
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- beagnach an leathchuid den fhreagra ceart
- níos mó ná an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

**Tabhair faoi deara**: I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar slánú mícheart, ina bhfágtar aonaid ar lár nó ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine. Dá bhrí sin, mar shampla, i *scála 10C*, féadfar 9 marc a thabhairt.
Ná déantar pionós slánaithe agus aonad ach uair amháin i ngach cuid (a), (b), (c) etc.
Ar fud na scéime, léirigh earráidí uimhríochta le *.

## Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

### *Roinn A*

| | |
|---|---|
| Ceist 1 | (25 marc) |
| (a)(i) | 5C |
| (a)(ii) | 5B |
| (a)(iii) | 5B |
| (b) | 10C |
| | |
| Ceist 2 | (25 marc) |
| (a) | 5C |
| (b) | 5D |
| (c) | 10D |
| (d) | 5C |
| | |
| Ceist 3 | (25 marc) |
| (a)(i)+(ii) | 10C |
| (b)(i)+(ii) | 15D |
| | |
| Ceist 4 | (25 marc) |
| (a) | 5B |
| (b) | 5C |
| (c) | 10C |
| (d) | 5C |
| | |
| Ceist 5 | (25 marc) |
| (a) | 10C |
| (b)(i)+(ii) | 15D |
| | |
| Ceist 6 | (25 marc) |
| (a)(i)+(ii) | 10D |
| (b)(i) | 5B |
| (b)(ii) | 10C |

### *Roinn B*

| | |
|---|---|
| Ceist 7 | (60 marc) |
| (a)(i)+(ii)+(iii) | 10C |
| (b) | 5B |
| (c) | 10C |
| (d)(i) | 10C |
| (d)(ii) | 5C |
| (e) | 5B |
| (f)(i) | 10C |
| (f)(ii) | 5A |
| | |
| Ceist 8 | (50 marc) |
| (a) | 10C |
| (b) | 10C |
| (c) | 5B |
| (d) | 15D |
| (e) | 5C |
| (f) | 5C |
| | |
| Ceist 9 | (40 marc) |
| (a)(i) | 10B |
| (a)(ii) | 5B |
| (a)(iii) | 5C |
| (b)(i) | 5C |
| (b)(ii) | 5C |
| (b)(iii) | 10C |

## Réitigh Shamplacha agus Nótaí Mionsonraithe Marcála

Tabhair faoi deara: Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

<table>
